

# WRC

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre  
Workplace Relations Commission

AN COIMISIÚN  
UM  
CHOIDREAMH  
SAN ÁIT  
OIBRE

TUARASCÁIL  
BHLIANTÚIL  
2015





# An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre

## Tuarascáil Bhliantúil 2015

**Curtha faoi bhráid an Aire Post, Fiontar, agus Nuálaíochta  
Mary Mitchell O'Connor Uasal, T.D.**

de réir alt 23(2) agus alt 23(3)  
den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015



---

# Clár na nÁbhar

---

Tuairisc an Ard-Stiúrthóra	2
Bord an Choimisiúin	4
Feidhmeanna an Choimisiúin	5
<b>Tuairiscí Gníomhaíochta</b>	<b>6</b>
Seirbhísí Comhréitigh, Idirghabháil agus Luath-Réiteach	7
Seirbhísí Breithniú	9
Seirbhísí Comhairleach	11
Seirbhísí Cigireacht agus Forfheidhmiú	12
Seirbhísí Eolais agus Seirbhísí Custaiméara	14
Seirbhísí Corparáideacha/Dlí	16
<b>Ráitis Airgeadais 2015</b>	<b>18</b>
Aguisín	19

---

# Tuairisc an Ard-Stiúrthóra

DEIREADH FÓMHAIR – NOLLAIG 2015



Tá áthas orm an chéad Tuarascáil Bhliantúil de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (an Coimisiún) a chur faoi bhráid an Aire.

Foráiltear sa reachtaíocht go n-áireofar i dTuarascálacha dá samhail faisnéis i ndáil le dul chun cinn i gcoinne Ráiteas Straitéise an Choimisiúin. I gcás comhlacht nua, áfach, foráiltear sa reachtaíocht gur cheart go gclúdfófaí sa chéad Ráiteas na blianta 2016-2018, agus gur chóir é a chur faoi bhráid an Aire faoi dheireadh mhí an Mhárta 2016<sup>1</sup>. Dá réir sin, dírtear sa Tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí an Choimisiúin idir lá a bhunaithe (an 1 Deireadh Fómhair 2015) agus an 31 Nollaig 2015. Áireofar i ngach Tuarascáil amach anseo faisnéis faoin dul chun cinn atá déanta i gcoinne an Ráitis Straitéise.

D'fhéadfaí a mhaíomh go raibh bunú an Achta um Chaidreamh san Áit Oibre 2015 ar an athchóiriú ba mhó tionchair ar an reachtaíocht institiúideach i réimse na fostaíochta agus an chaidrimh thionsclaíoch le beagnach 70 bliain anuas. Ba mhór an dúshlán é comhthiomsú a dhéanamh ar na feidhmeanna a bhíodh á gcomhlíonadh ar leithligh roimhe seo ag an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais, ag Seirbhís an Choimisinéara um Chearta, ag an mBinse Comhionannais, ag an mBinse Achomhairc Fostaíochta agus ag an Údarás Náisiúnta um Chearta Fostaíochta, agus tá dúshlán nach beag i gceist leis sin go fóill. Mar atá le feiceáil go soiléir sa Tuarascáil seo, áfach, tá an Coimisiún ag feidhmiú go héifeachtach anois. Tá an Coimisiún agus an Chúirt Oibreachais araon tar éis cloí leis an gcaidreamh a bhí i réim roimhe seo, a bhí bunaithe ar chomhar frithpháirteach leanúnach.

Tá foireann beagnach 200 duine ag an gCoimisiún, oifigí i mBaile Átha Cliath, i gCeatharlach, sa tSionainn, i gCorcaigh agus i Sligeach, agus bunanna oibriúcháin i gcomhair cruinnithe éisteachta in a lán contaetha eile. Cuireann sé seirbhís ardchaighdeán ar fáil do chustaiméirí ar fud na hÉireann, agus is seirbhís í atá saor in aisce. Ó bunaíodh é ar an 1 Deireadh Fómhair 2015, tá an Coimisiún ag díriú ar sheirbhís den chéad scoth a chur ar bun i dtaobh caidrimh san áit oibre, seirbhís atá éasca le húsáid, neamhspleách, éifeachtach, neamhchlaonta agus éifeachtach ó thaobh costais, chun bealaí éagsúla sásaimh agus forfheidhmithe éifeachtaigh a sholáthar i dtréimhse réasúnta agus an costas ar lucht gnó a laghdú.

Bhí dúshlán mhóra le sárú ag an gCoimisiún tráth a bhunaithe. Mar sin féin, bhí na próisis, an comhairliúchán, agus rannpháirtíocht na bpríomhphearsanra ó na gníomhaireachtaí bainteacha agus dlúthspéis an Aire ina ngnéithe lárnacha trínar cinntíodh gur éirigh go geal leis an idirtréimhse agus le bunú an Choimisiúin. Is ríluachmhar an cúnamh a fuairamar ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Tá dul chun cinn mór déanta cheana féin. Faoi dheireadh mhí na Nollag 2015 bhí Bord an Choimisiúin bunaithe, bhí an príomhlucht bainistíochta ceaptha, bhí Clár Oibre na bliana 2016 ceadaithe ag an mBord agus é curtha faoi bhráid an Aire, bhí Plean Gnó cuimsitheach tras-Rannach don bhliain 2016 comhaontaithe agus tá sé á fheidhmiú anois, agus bhí tús curtha leis an obair ar an bPlean Straitéiseach 2016-2018 agus é pléite leis an mBord. Le linn na tréimhse sin freisin, sholáthair foireann an Choimisiúin seirbhísí éifeachtacha chun díospóidí a réiteach,

<sup>1</sup> Cuireadh an Ráiteas faoi bhráid an Aire gar do thús mhí an Mhárta 2016

---

chuireadar chun feidhme an tSeirbhís Breithnithe nuabhunaithe, chuireadar i bhfeidhm na socruithe leasaithe cigireachta agus forfheidhmithe, agus rinneadh struchtúir agus caighdeán rialachais chorparáidigh a dhréachtú agus a chur chun feidhme.

Baineann gníomhaíochtaí an Choimisiúin den chuid is mó le héascú don athrú san áit oibre agus cabhrú leis, agus timpeallacht chothromais agus chothroime a chruthú ar fud fiontar agus fostaíochta, rud ar féidir leis, ina sheal, cur go mór leis an bhfás geilleagrach agus leis an mborradh faoin tsochaí.

Ar bhonn níos sonraí, bíonn ról ríthábhachtach ag seirbhísí comhchoiteanna agus sainseirbhísí an Choimisiúin i dtaobh na síochána san earnáil tionscail, athchóiriú na seirbhíse poiblí, éifeachtacht agus táirgiúlacht fiontar a chothú agus a chothabháil agus dul i gcomhairle le fostóirí agus ceardchumann faoi shaincheisteanna a bhaineann le pá agus luach saothair na bhfostaithe. Cuid ríthábhachtach d'oibríochtaí straitéiseacha an Choimisiúin is ea a áirithiú go bhfuil seirbhísí breithnithe ar fáil atá cothrom, neamhchlaonta agus éifeachtach, agus go bhfuil caighdeán fostaíochta iomchuí riachtanacha i bhfeidhm agus á gcomhlíonadh.

Ar an leibhéal praiticiúil, tá na sásraí againn anois i struchtúir shimplithe, aontaithe an Choimisiúin chun cuidiú le fostóirí agus fostaithe i dtaobh díospóidí a sheachaint nó iad a réiteach go tapa agus go héifeachtach. Tá oifigigh ard-oilte éifeachtúla ag obair dúinn i réimsí na comhairle, an comhréitigh, na hidirghabhála agus an bhreithnithe. Tá cur chuige againn i leith na cigireachta agus an

fhorfheidhmiúcháin lena spreagtar an comhlíonadh agus lena n-áirithítear go ngearrfar pionóis nach beag mura gcomhlíontar na rialacha.

Tá a fhios againn go bhfuil an Bord deimhin go ndéanann obair an Choimisiúin cion mór ar mhaithe le téarnamh geilleagrach na hÉireann a spreagadh agus a chothú. Bhain an-tábhacht leis an gcomhairle agus an spreagadh a thug an Bord nuair a bhí an Choimisiún i dtús a fhorbartha agus tá a fhios againn go mbeidh an tacaíocht sin thar a bheith luachmhar d'fhoireann an Choimisiúin ina gcuid iarrachtaí sna blianta atá romhainn.



**Kieran Mulvey**  
Ard-Stiúrthóir  
Meitheamh 2016

## Bord an Choimisiúin

### BORD AN CHOIMISIÚIN 2015



An Dr Paul Duffy



Liam Berney



Maeve McElwee



Shay Cody



Audrey Cahill



Geraldine Hynes



Richard Devereaux



Deirdre O'Brien



An Dr Michelle O'Sullivan

Ar an 1 Deireadh Fómhair 2015 d'fhógair an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Richard Bruton T.D., Bord an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre. Naonúr atá ar an mBord agus is é Leas-Uachtarán Pfizer um Sholáthar Domhanda, an Dr Paul Duffy, atá ina chathaoirleach air.

Thar an tréimhse lena mbaineann an Tuarascáil seo, mheas an Bord láithreoireachtaí i dtaobh aonaid oibríochtúla an Choimisiúin, d'aontaigh sé clár oibre an Choimisiúin don bhliain 2016 agus an Plean Gnó a ghabhann leis, agus chuir sé tús leis an obair ar Ráiteas Straitéise 2016-2018.

#### Táillí/Eitic in Oifigí Poiblí

Cuireadh gach comhalta den Bhord, na Breithneoirí, na Coimisinéirí um Chearta agus oifigigh ábhartha an Choimisiúin ar an eolas faoina gcuid oibleagáidí agus/nó chomhlánaigh siad na tuairisceáin chuí faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, de réir mar is gá.

Ní fhaigheann an Cathaoirleach ná comhaltaí an Bhoird aon táille i ndáil le comhlíonadh a ndualgas mar chomhaltaí Boid.

#### An tArd-Stiúrthóir

Cheap an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta an tUasal Kieran Mulvey ina Ard-Stiúrthóir ar an gCoimisiún ar an 1 Deireadh Fómhair, 2015.



---

# Feidhmeanna an Choimisiúin

---

## FEIDHMEANNA AN CHOIMISIÚIN

### Bunú an Choimisiúin

Bunaíodh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (an Coimisiún) ar an 1 Deireadh Fómhair 2015 faoin Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015. Rinneadh comhthiomsú sa Choimisiún ar na feidhmeanna a bhíodh á gcomhlíonadh roimhe seo ag an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais, ag an Údarás Náisiúnta um Chearta Fostaíochta, ag an mBinse Comhionannais, agus trí fheidhmeanna céadchéime an Bhinse Achomhairc Fostaíochta.

Faoin reachtaíocht, tá an Coimisiún freagrach freisin as cur chun cinn agus feabhsú an chaidrimh tionscail agus fostaíochta i gcoitinne.

### Feidhmeanna an Choimisiúin

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an Choimisiúin:

- Feabhas a chur ar chaidreamh san áit oibre, agus dea-chaidreamh san áit oibre a chothabháil,
- Chur chun cinn a dhéanamh ar an reachtaíocht fostaíochta iomchuí agus a spreagadh go gcomhlíonfaí í,
- Treoir a thabhairt maidir le comhlíonadh Cód Cleachtais,
- Athbhreithnithe a dhéanamh ar chaidreamh san áit oibre ar bhonn ginearálta agus monatóireacht a dhéanamh ar chora sa réimse sin,
- Taighde ábhartha a sheoladh nó a choimisiúnú, agus comhairle, faisnéis agus torthaí taighde a chur ar fáil do Chomhchoistí Oibreachais agus do Chomhchomhairlí Tionsclaíocha,
- Comhairle a chur ar an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta maidir le cur i bhfeidhm na reachtaíochta ábhartha agus comhlíonadh na reachtaíochta sin, agus
- Eolas a thabhairt don phobal maidir le reachtaíocht fostaíochta (seachas an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta)<sup>2</sup>.

Faoi chuimsiú an chreata sin, áirítear le seirbhísí lárnacha an Choimisiúin seirbhísí luathréitigh, idirghabhála, comhréitigh, éascaithe agus comhairleacha a sholáthar, breithniú a dhéanamh ar ghearáin agus ar dhíospóidí, monatóireacht a dhéanamh ar dhálaí fostaíochta lena áirithiú go gcomhlíonfar agus go bhforfheidhmeofar an reachtaíocht i dtaobh cearta fostaíochta, eolas a sholáthar, agus próiseáil a dhéanamh ar cheadúnais um ghníomhaireachtaí fostaíochta agus um chosaint daoine óga (fostaíocht).

---

<sup>2</sup> Tagann an fhaisnéis i leith an Achta sin ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas



# TUAIRISCÍ GNÍOMHAÍOCHTA

# An tSeirbhís Comhréitigh, Idirghabhála agus Luath-Réitigh

## COMHRÉITEACH

Dhírigh an Rannóg ar sheirbhís sholúbtha shofhreach a chur ar fáil go tráthúil chun freastal ar riachtanais na bpáirtithe i ndíospóid. Is é luach príomhúil agus feidhm phríomhúil na seirbhíse go bhfuil fáil uirthi chun acmhainn den scoth a sholáthar go tráthúil i gcás díospóide. Ba é soláthar na seirbhíse ardchaighdeán sin an dúshlán a sháraigh baill foirne de chuid na Rannóige, idir Chomhréiteoirí, Idirghabhálaithe, Oifigigh um Réiteach Cásanna agus an fhoireann tacaíochta, sa dara leath den bhliain 2015.

Sa ghníomhaíocht comhréitigh ar feadh na gearrthréimhse sin sa ráithe dheireanach de 2015, léiríodh go fóill na treochtaí a bunaíodh roimhe sin i dtaobh Caidreamh Oibreachais in 2015, go háirithe i ndáil le saincheisteanna 'Comhaontú Seirbhíse Poiblí' thar raon leathan fostóirí san earnáil phoiblí. Go háirithe, thug an tSeirbhís Comhréitigh cúnamh i raon leathan díospóidí caidrimh thionsclaíoch a bhain le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), ag éirí as 128 n-atreorú ar leithligh a rinneadh ar FSS chuig an tSeirbhís Comhréitigh. I gcás cuid mhór de na díospóidí sonracha sin, bhí gá le hardleibhéal dian-rannpháirtíochta thar thréimhse fhada uaireanta an chloig agus laethanta.

Bhí aird an phobail ar an gcaoi ar láimhseáil an tSeirbhíse Comhréitigh díospóidí caidrimh thionsclaíoch i rith na tréimhse sin, agus bhí fianaise ann freisin go raibh gníomhaíocht thionsclaíoch nó bagairt na gníomhaíochta tionsclaíche ag dul i méid san earnáil phoiblí agus san earnáil príobháideach.

In eagraíochtaí na hearnála príobháidí, lean an tSeirbhís Comhréitigh ag tabhairt cúnamh maidir lena lán fadhbanna a réiteach. Bhain na fadhbanna ba mheasa díobh siúd le hathstruchtúrú a dhéanamh ar chuideachtaí i ngeilleagar atá ag éirí níos iomaíche ach atá ag teacht chuige féin. I dtaca leis sin, chabhraigh an tSeirbhís Comhréitigh le díospóidí a réiteach agus/nó d'éascaigh sí do na páirtithe agus iad i mbun

cainteanna le heagraíochtaí fostaíochta éagsúla, go háirithe, díospóid Bhord na Móna agus an réiteach ar thángthas air faoinar spáráil an chuideachta roinnt milliún euro i dtaobh laghdú costas agus éifeachtúlachtaí trí bhearta a bhain go sonrach leis an bhfoireann agus éifeachtúlachtaí bainteacha eile, a ndearnadh idirbheartaíocht ina leith faoi choimirce an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre. I measc na gcásanna eile a bhí i mbéal an phobail bhí Irish Life, Iarnród Éireann agus roinnt eagraíochtaí a bhíonn ag obair i réimse an oideachais.

Mar gheall ar an méadú a bhí le sonrú ar an teannas sa chaidreamh thionsclaíoch agus ar na héilimh ar chúnamh comhréitigh, bhain an-phráinne le hathsholáthar a dhéanamh ar acmhainní foirne an Choimisiúin sa rannóg seo, agus cur lena líon.

Rinneadh 273 chás a atreorú chuig an tSeirbhís Idir-Réitigh thar an tréimhse trí mhí agus is thart ar 80% a bhí treocht an ráta réitithe díospóidí maidir leis na díospóidí caidrimh thionsclaíoch go léir a atreoraíodh. Cuireadh 45 dhíospóid faoi bhráid na Cúirte Oibreachais agus i gcás a lán de na hatreoruithe sin chun na Cúirte rinneadh dul chun cinn nach beag le linn comhréitigh maidir leis na difríochtaí idir na páirtithe a chúngú, rud a rinne scagadh agus laghdú ar shaincheisteanna a raibh moladh cinntitheach ón gCúirt Oibreachais de dhíth ina leith.

### Gníomhaíocht Comhréitigh

Atreoruithe	273
Comhdhálacha	393
Cruinnithe Eile (Éascú, Comhchoistí Oibreachais, Fóraim Idirbheartaíochta Idirghabháil i dtaobh Comhionannais, etc.)	79
Líon iomlán na gcruinnithe	472
Atreoruithe chun na Cúirte Oibreachais	45

## AN TSEIRBHÍS IDIRGHABHÁLA SAN ÁIT OIBRE

Tugann an tSeirbhís Idirghabhála san Áit Oibre freagra sainoiriúnaithe ar chineálacha áirithe fadhbanna agus díospóidí a thagann chun cinn in áiteanna oibre. Oireann an tseirbhís sin go háirithe do réiteach díospóidí san áit oibre idir daoine aonair nó grúpa beaga, a bhaineann le haighneas san áit oibre agus deacrachtaí a bhíonn ag fostaithe i dtaobh a bheith ag obair le chéile. Cuireann foireann idirghabhálaithe ó na Seirbhísí Comhréitigh agus Comhairleacha an tseirbhís sin ar bun, agus tá sí á bhainistiú ag an tSeirbhís Comhréitigh. I measc na ngnáthfhadhbanna ar déileáladh leo thar an tréimhse bhí caidreamh idir daoine aonair san áit oibre, idirghabhálacha comhionannais agus nósanna imeachta casaoide agus araíonachta i gcoitinne.

## AN TSEIRBHÍS LUATH-RÉITIGH

Chomh maith leis an tSeirbhís Idirghabhála san Áit Oibre, seirbhís idirghabhála is ea an tSeirbhís Luath-Réitigh (SLR) trína dtairgtear seirbhís eadrána i gcásanna atá curtha ar aghaidh i gcomhair a mBreithnithe faoi reachtaíocht um chearta fostaíochta. Faoin tseirbhís, bíonn deis luath ag páirtithe i ndíospóidí den sórt sin chun a gcuid fadhbanna a réiteach trí idirghabháil ar an teileafón ó 'Oifigeach um Réiteach Cásanna'. Ach leas a bhaint as idirghabháil, is féidir le páirtithe teacht ar a gcuid socraíochtaí féin agus na costais a d'fhéadfadh a bheith i gceist le próiseas breithnithe céadchéime a sheachaint, mar aon leis an gcostas a bhainfeadh le céim achomharc ina dhiaidh sin dá mbeadh a leithéid i gceist.

Tá an tseirbhís á cur ar fáil ag cúigear oifigeach um Réiteach Cásanna agus is cosúil í le seirbhísí idirghabhála teileafóin den chineál céanna atá á

soláthar ag ACAS sa Ríocht Aontaithe agus ag an nGníomhaireacht um Chaidreamh Oibreachais i dTuaisceart Éireann.

### Soláthar seirbhíse idir Deireadh Fómhair agus Nollaig 2015

Sa tréimhse idir Deireadh Fómhair agus Nollaig 2015, chuir an SLR seirbhísí idirghabhála ar fáil in 210 gcás ar leith. Sa tréimhse sin, réitíodh 96 chás le cúnamh ón tSeirbhís Luath-Réitigh (roghnaíodh roinnt de na cásanna sin roimh Dheireadh Fómhair 2015) agus níor ghá iad a chur ar aghaidh le haghaidh Breithnithe.

Ar an meán, réitíodh thart ar 40% de na cásanna a cuireadh ar aghaidh chun idirghabhála tríd an tseirbhís sin.

### Rath na seirbhíse sa todhchaí

Ionas go n-éireoidh leis an SLR sa todhchaí, ní mór go dtarlódh "athrú cultúir" nach beag i réimse an réitigh díospóide um chearta fostaíochta. San am atá caite, bhíodh na páirtithe ag brath go hiondúil ar dheiseanna socraíochta a d'fhéadfadh a theacht chun cinn ar lá éisteachta breithnithe chun cásanna a réiteach gan aon ghá le cinneadh ón gcomhlacht breithnithe. I gcomhthéacs úr ina bhfuil idirghabháil luath á tairiscint ar bhonn gníomhach ag an Stát, tá dúshlán fúinn a chinntiú go mbeidh páirtithe sásta leas a bhaint as an tSeirbhís Luath-Réitigh agus an tairbhe is fearr is féidir a bhaint aisti ar mhaithe leo féin.

Beidh iarracht mhór á déanamh sa tréimhse seo romhainn chun athrú deimhin a dhéanamh ar an gcur chuige atá againn i leith réiteach díospóide ar bhonn deonach i gcás deacrachtaí atá réasúnta inréitithe idir fostaithe agus fostóirí.

# An tSeirbhís Breithnithe

## AN TSEIRBHÍS BREITHNITHE

Le bunú an Choimisiúin, cruthaíodh "aonad ilfhreastail" cuíchóirithe amháin chun glacadh le gearáin. Cuirtear gach gearán céadchéime faoi bhráid an Choimisiúin anois, áit arb amhlaidh roimhe seo go bhféadfaí iad a chur faoi bhráid Sheirbhís an Choimisinéara um Chearta sa Choimisiún um Chaidreamh Oibreachais, faoi bhráid an Bhinse Comhionannais agus faoi bhráid an Bhinse Achomhairc Fostaíochta. Déileálann an Coimisiún anois le gach gearán breithnithe "Oidhreachta" a rinneadh roimhe seo le Seirbhís an Choimisinéara um Chearta de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais, agus leis an mBhinse Comhionannais. Déileálann sé freisin le gach gearán "nua" (gearáin a rinneadh tar éis an 1 Deireadh Fómhair 2015) a bheadh curtha faoi bhráid na gcomhlachtaí sin nó faoi bhráid an Bhinse Achomhairc Fostaíochta san am atá caite. Ceapadh an cohórt reatha de dháréag Coimisinéirí um Chearta agus na hiar-óifigigh Comhionannais mar aon le painéal seachtrach ar a bhfuil 17 mBreithneoirí mar Bhreithneoirí de chuid an Choimisiúin ar an 1 Deireadh Fómhair 2015. Bíonn éisteachtaí os comhair Oifigeach Breithnithe ar siúl anois "ar shlí seachas go poiblí."

### Dul chun cinn maidir le Gearáin Oidhreachta i leith Cearta Fostaíochta/Caidreamh Tionsclaíoch

Nuair a bunaíodh an Coimisiún, bhí thart ar 2,500 gearán faoi chearta fostaíochta/caidreamh tionsclaíoch le héisteacht a bhí curtha ar aghaidh chuig Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta. Bhí díreach faoi bhun 2,000 gearán fós le héisteacht faoi dheireadh na bliana 2015. Is iad na hiar-Choimisinéirí um Chearta a ceapadh ina mBreithneoirí de chuid an Choimisiúin ar an 1 Deireadh Fómhair 2015, agus iadsan amháin, a dhéanann breithniú i dtaobh na ngearán oidhreachta i ndáil le Cearta Fostaíochta/Caidreamh Tionsclaíoch. Tá

dáréag Coimisinéirí um Chearta ann anois, agus fáil éagsúil orthu.

### Gearáin a rinneadh leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre ón 1 Deireadh Fómhair 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015

	Iarratais a Fuarthas um Ghearán	Gearáin Shonracha a Fuarthas
Deireadh Fómhair 2015	571	1,146
Samhain 2015	618	1,085
Nollaig 2015	501	981
Ráithe 4 2015	1,690	3,212

Cuireadh tús láithreach leis an bpróiseas i dtaobh sceideal na n-éisteachtaí a ullmhú agus bhí 43 éisteacht san iomlán ar an sceideal idir an 7 agus an 18 Nollaig 2015.


### Cineálacha Gearán Sonrach

Ba iad seo na cúig phríomhchineál gearán a cuireadh faoi bhráid le haghaidh Breithnithe i rith na tréimhse sin:

- Pá
- Dífhostú Éagórach
- Uaireanta Oibre (eagrú Ama oibre)
- Saincheisteanna Caidrimh Thionsclaíoch
- Téarmaí agus Coinníollacha Fostaíochta

Léirítear sa ghráf seo a leanas an réimse leathan cineálacha sonracha gearán:

**Gearáin Shonracha de réir Chineál an Ghearáin R4 2015**



**Dul chun cinn i leith Cásanna Oidhreachta Comhionannais**

Ar aon dul le cásanna "oidhreachta" an Choimisinéara um Chearta, aistríodh roinnt gearán ón mBinse Comhionannais (féach thíos). Táthar ag súil go mbeidh gach cás oidhreachta comhionannais éiste nó go mbeidh éisteacht ar an sceideal ina leith faoi dheireadh na bliana 2016.

Gearáin	Comhionannas Fostaíochta agus Pinsin	Comhchéim	Iomlán
Idir Lámha ar an 30 Meán Fómhair 2015	1,011	454	1,465
Idir Lámha ar an 31 Nollaig 2015	856	413	1,269

# An tSeirbhís Chomhairleach

## Is é seo a leanas Ráiteas Misin na Rannóige Seirbhísí Comhairleacha:

*"A bheith ag obair i ndlúthpháirt le fostóirí, ceardchumann agus fostaithe chun scoth na mbeartas, na nósanna imeachta agus an chleachtais i dtaobh caidreamh tionsclaíoch a chur chun cinn, a fhorbairt agus a chur chun feidhme, d'fhonn feabhas a chur ar leas geilleagrach na hearnála fiontair agus d'fhonn cabhrú le fostaíocht a chruthú agus a chothú."*

## SOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ

### Athbhreithnithe Caidrimh Thionsclaíoch

Is éard atá i gceist le hathbhreithnithe ar chaidreamh tionsclaíoch ná measúnú domhain ar chaidreamh tionsclaíoch in áiteanna oibre d'fhonn réimsí faidhbe a aithint, moltaí a dhéanamh faoi chleachtais agus nósanna imeachta feabhsaithe, agus a bheith ag obair le gach duine lena mbaineann chun feabhsúcháin a chur chun feidhme. D'fhéadfadh sé a bheith i gceist le gnáth-athbhreithniú go gcuirfí próisis éagsúla ar bun chun faisnéis a thiomnú, lena n-áirítear agallaimh aonair/ceistneoirí, suirbhéanna ríomhphoist agus grúpaí fócais. Is é an cuspóir lárnach i gcás gnáth-athbhreithnithe ná na réimsí faidhbe a aithint go cruinn agus a bheith ag obair le gach duine lena mbaineann chun réitigh éifeachtacha a fháil.

### Meithleacha Oibre Comhphárteacha

Is éard atá i gceist le Meitheal Oibre Chomhphárteach ná comhphróiseas ina nglacann lucht bainistíochta agus fostaithe araon páirt, arna éascú ag an tSeirbhís, chun feidhmiú a dhéanamh ar mholtaí a rinneadh de bharr athbhreithnithe ar chaidreamh tionsclaíoch. Tá an próiseas ceaptha ionas go mbeidh rannpháirtíocht dhíreach ag gach páirtí lena mbaineann i réitigh a fháil ar a gcuid deacrachtaí, réitigh a bheidh inghlactha ag cách.

### Éascú

Cuireann an tSeirbhís seirbhís éascaithe ar fáil atá dírithe ar shaincheisteanna a bhaineann leis an áit oibre, lena n-áirítear athruithe ar chleachtais oibre a chur chun feidhme agus feabhas a chur ar nósanna imeachta san áit oibre. Tá an tseirbhís éascaithe dírithe ar chabhrú leis na páirtithe teacht ar réitigh is inghlactha ag gach taobh ina leith sin.

### Oiliúint

Tá sé ina shainchúram ar an tSeirbhís cur leis an acmhainn forbartha caidrimh thionsclaíoch in áiteanna oibre in Éirinn trí chlár réamhghníomhacha a chur ar bun ionas nach dtarlóidh díospóidí, agus príomhghné de sin is ea oiliúint a chur ar fáil ar ghnéithe éagsúla den chaidreamh fostaíochta. Cuireann an tSeirbhís clár éagsúla ar bun a bhaineann le nósanna imeachta san áit oibre – casaoid, araíonacht agus dínit,

cumarsáid agus comhairliúchán, agus déileáil le haighneas san áit oibre go ginearálta. Cuirtear na clár in oiriúint do na riachtanais atá ag eagraíochtaí ar leith, idir bheag agus mhór, san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí. Is iad an fhoireann cleachtóirí oilte, ón Rannóg Comhairleach agus ón Rannóg Comhréitigh araon, a chuireann an oiliúint ar bun, agus feabhsaíonn sí an cumas atá ag áiteanna oibre agus a gcuid fostaithe i dtaobh próisis agus nósanna imeachta éifeachtacha caidrimh thionsclaíoch a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

### Réiteach Deonach Díospóide

Éascaíonn an tSeirbhís don nós imeachta atá leagtha síos sa Chód Feabhsaithe Cleachtais ar Réiteach Deonach Díospóide, ina bhfuil creat i leith próiseáil díospóidí i gcásanna nach bhfuil cómhargáil i bhfeidhm.

Tá an cur chuige sin bunaithe ar an reachtaíocht: an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2015. D'éascaigh an tSeirbhís don phlé i dtír chás a ndearnadh atreorú orthu faoin Acht sin le linn na tréimhse.

### Idirghabháil san Áit Oibre

Soláthraíonn foireann chomhphárteach de chuid na Seirbhíse Comhairlí agus na Seirbhíse Comhréitigh seirbhís Idirghabhála san Áit Oibre agus Seirbhís Idirghabhála Comhionannais. Tá forbheathnú ar an tseirbhís agus mionsonraí ina leith sa rannán faoi ghníomhaíocht na Seirbhíse Idir-Réitigh.

### Gníomhaíocht Chomhairleach an Choimisiúin 2015

Gníomhaíocht	Líon
Réiteach Deonach Díospóide	3
Éascú /Meithleacha oibre comhphárteacha	12
Athbhreithnithe Caidrimh Thionsclaíoch	3
Oiliúint	4

Tabhair faoi deara: baineann an uimhir le líon na n-atreoruithe – ní le líon na gcruinnithe.

# An tSeirbhís Chigireachta agus Forfheidhmithe

Tá cigirí an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (an Coimisiún) údaraithe chun cigireachtaí a dhéanamh chun críocha monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtaíochta fostaíochta agus an comhlíonadh sin a fhorfheidhmiú. Feidhmíonn na cigirí ar bhealach cóir, neamhchlaonta agus déanann siad cigireachtaí ar fud na tíre. Déantar cigireachtaí de bharr:

- gearáin a fuarthas maidir le sárú líomhnaithe ar chearta fostaíochta (fuarthas 266 ghearán san iomlán),
- feachtais chigireachta spriocdhírthe, agus
- fiosrúcháin chigireachta sa ghnáthchúrsa.

Go ginearálta, ní insítear d'fhostóirí céard is bun le cigireacht ar leith.

## Comhlíonadh/Fógraí Muirear Seasta

Tá sé ina aidhm ag an gCoimisiún cultúr comhlíonta a bhaint amach trí fhostóirí agus fostaithe a chur ar an eolas faoina gcuid freagrachtaí agus teidlíochtaí faoi seach faoin dlí fostaíochta, agus trína bheith ag obair i ndlúthchomhar leo siúd agus lena gcuid ionadaithe. Más rud é go gcinneann cigire go bhfuil sárú déanta ar réimsí sonracha den dlí fostaíochta (lena n-áirítear gan airgead a íoc atá dlite d'fhostaí faoin dlí fostaíochta), agus má mhainníonn an fostóir an neamhchomhlíonadh a chur ina cheart nó má dhiúltaíonn sé nó sí é sin a dhéanamh, d'fhéadfaí Fógra um Chomhlíonadh a eisiúint ina sonrú na céimeanna nach mór don fostóir a ghlacadh chun an dlí a chomhlíonadh. Mura ndéanfaidh an fostóir achomharc, agus má mhainníonn nó má dhiúltaíonn sé nó sí déanamh de réir théarmaí an fhógra, féadfaidh an Coimisiún imeachtaí dlí a thionscnamh i gcoinne an fhostóra sin.

Ina theannta sin, féadfaidh cigire Fógra Muirear Seasta a sheirbheáil de bhun líon gníomhartha neamhchomhlíonta. Má mhainnítear nó má dhiúltaítear an muirear a íoc, d'fhéadfaí an duine sin a ionchúiseamh.

## Ionchúiseamh/Forfheidhmiú

I gcásanna nach gcumhdaítear faoi fhorálacha an Achta um Chaidreamh san Áit Oibre, amhail mainneachtain an pá íosta a íoc, ceisteanna a bhaineann le cead fostaíochta agus cionta a bhaineann le neamhchomhoibriú agus bac, féadfaidh an Coimisiún imeachtaí coiriúla a thionscnamh maidir leis na cionta atá i gceist.

Déileálann an Rannóg freisin le forfheidhmiú ar bhreitheanna na nOifigeach Breithnithe agus ar chinntí ón gCúirt Oibreachais tar éis achomhairc. Cur chuige amháin atá ag fostaí, sa chás go mainneoidh fostóir cinntí den sórt sin a chur i gcrích laistigh den tréimhse atá forordaithe, is ea a iarraidh ar an gCoimisiún iarratas a dhéanamh thar a cheann nó thar a ceann chun na Cúirte Dúiche ar ordú don fostóir an cinneadh a chur i gcrích.

Roimh thosach feidhme an Achta um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015, bhí forfheidhmiú dámhachtainí ina chúram ar an Rannóg choibhéiseach freisin. I gcásanna inar mhainnigh an fostóir cinntí den sórt sin a chomhlíonadh, tugadh cás sna cúirteanna sibhialta. Ba é líon na gcásanna a ndearnadh ionchúiseamh ina leith ná 19.



### Achoimre ar Chigireachtaí agus ar Sháruithe a Braitheadh de réir Earnáil Tionscail ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Nollaig 2015

Earnáil	Líon na gCigireachtaí a Cuireadh i gCrích	Ráta Comhlíonta %	Pá Neamhíochta a Aisghabhadh (€)
Talmhaíocht	38	73%	13,869
Bia agus Deoch	273	45%	121,159
Mórdhíol agus Miondíol	141	52%	211,800
Óstáin	29	48%	3,787
Glanadh ar Conradh	11	45%	2,293
Slándáil	3	33%	4,593
Tógáil	40	40%	3,827
Leictreach	5	80%	0
Déantúsaíocht	17	65%	21,291
Iompar	12	25%	3,178
Gruaig agus Scéimh	27	33%	7,808
Sláinte, Altranas agus Cúram Leanaí	17	88%	60,228
Seirbhísí Gairmiúla	46	67%	48,603
Baile	5	40%	207
Eile	84	45%	11,515
Cuairteanna Neamhfhógartha	902	66%	N/A
<b>Iomlán</b>	<b>1,650</b>	<b>58%</b>	<b>514,158</b>

#### Ceadanna Fostaíochta

Oifigigh údaraithe is ea cigirí faoi na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta. Tá seiceálacha comhlíonta faoin reachtaíocht sin ina gcuid dhílis de gach cigireacht. Chomh maith leis na cigireachtaí a ndéantar coinne ina leith, tugtar cuairteanna gan réamhfhógra freisin d'fhonn an leibhéal comhlíonta a chinneadh agus sárúithe féideartha ar an dlí fostaíochta san áit oibre a aithint. Áirithítear leis na cigireachtaí freisin go bhfuil an fhaisnéis a thugtar sna hiarratais ar chead cruinn agus go bhfuil na téarmaí agus na coinníollacha faoina ndeonaítear cead (uaireanta oibre, dualgais, luach saothair, etc.) i gcomhréir leis an dlí.

Braitheadh 257 sárú san iomlán ar na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta agus ionchúisíodh 13 fhostóir.

Tá miondealú iomlán san Aguisín ar gach ionchúiseamh a rinneadh le linn na tréimhse.

#### Ag Obair le Gníomhaireachtaí Eile

Gné luachmhar de na gníomhaíochtaí cigireachta is ea na cuairteanna imscrúdaithe a dhéantar i gcomhar leis na Coimisinéirí Ioncaim agus/nó an Roinn Coimirce Sóisialaí. Rinneadh 155 chigireacht chomhpháirteacha san iomlán agus léiríonn sé sin an bhéim níos mó atá á cur ar chomhoibriú idir na gníomhaireachtaí rialtais. Fágann an cur chuige sin gur féidir díriú ar shlí níos cuimsithí ar na fostóirí agus na hearnálacha is mó an baol nach gcomhlíonann siad dlíthe a bhaineann leis an áit oibre.

#### Forfheidhmiú Sibhialta

Cuireadh cásanna a bhaineann le dámhachtainí ar bhfiú €73,707.95 iad ar aghaidh i leith forfheidhmiú sibhialta le linn na tréimhse. Sa tréimhse chéanna, íocadh riaráistí €21,966.12 le fostaithe de bharr forfheidhmiú sibhialta. Bhí 56 chás forfheidhmithe san iomlán gníomhach ag deireadh na bliana.

---

## Eolas agus Seirbhísí do Chustaiméirí

---

Feidhmíonn an Rannóg ón oifig réigiúnach i gCeatharlach, agus tá dhá phríomhfheidhm aici: eolas a sholáthar agus riaradh agus próiseáil na bhfoirmeacha gearáin ar fad de chuid an Choimisiúin. Cuireann oifigigh eolais seirbhís teileafóin ar fáil idir 09.30 agus 17.00 maidir le reachtaíocht fostaíochta, ceadanna fostaíochta, reachtaíocht um chomhionannas teaghlaigh agus stádas comhionann agus comhionannas fostaíochta. Freagraítear gach mír chomhfhreagrais, idir litreacha scríofa agus litreacha ar an ríomhphost, laistigh de thréimhse ama shonraithe agus déantar leabhráin eolais a chothabháil agus a nuashonrú. Ina theannta sin, déanann baill foirne láithreoireachtaí faoin reachtaíocht fostaíochta nuair a iarrtar é sin agus freastalaíonn siad go rialta ar thaispeántais.

Glacann an Rannóg le foirmeacha gearáin don Choimisiún, admhaíonn sí go bhfuarthas iad agus próiseálann sí iad. Áirítear leis an gcúram sin déileáil leis an gcomhfhreagras a eascraíonn astu agus bunachar sonraí cruinn a chothabháil ina bhfuil taifead ar na gearánaigh.

### Cosaint Daoine Óga

Faoin Acht um Ghníomhaireacht Fostaíochta, 1971, is cion é gnó gníomhaireachta fostaíochta a sheoladh gan cheadúnas arna eisiúint faoin Acht. Faoin Acht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996, foráiltear nach féidir le fostóirí daoine atá faoi bhun 16 bliana d'aois a fhostú i bpost rialta lánaimseartha. Féadfar leanaí faoi bhun 16 a fhostú in obair scannánaíochta, chultúrtha, spóirt nó fógraíochta, áfach, faoi cheadúnais arna n-eisiúint ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Déileálann feidhm Riaracháin na Rannóga le gach gné den cheadúnú. Eisíodh 103 cheadúnas san iomlán i leith 198 leanbh.

Ceadúnais i leith Ghníomhaireacht Fostaíochta: Eisíodh 121 cheadúnas san iomlán. Tá liosta de na ceadúnais fostaíochta go léir le feiceáil ar [www.workplacelrelations.ie](http://www.workplacelrelations.ie)

### Seirbhísí do Chustaiméirí um Chaidreamh san Áit Oibre


Is i gCeatharlach atá na Seirbhísí do Chustaiméirí um Chaidreamh san Áit Oibre ([www.workplacelrelations.ie](http://www.workplacelrelations.ie)), arb iad an tairseach aonair le haghaidh gach gearán cearta fostaíochta. Fuarthas 3,335 ghearán den sórt sin.

---

### Eolas do Chustaiméirí agus an tIonad Glaonna


Thug an tAonad um Sheirbhísí do Chustaiméirí eolas do bhreis is 17,275 nduine. Tugadh 351,847 gcuairt ar leathanaigh an tsuímh gréasáin agus léirítear sna cairteacha seo a leanas an miondealú ar na cineálacha glaonna de réir glaoiteora, tionscail, agus ábhair.

#### Cineál Glaoiteora




- Fostaí
- Fostóir
- Ionad Faisnéise do Shaoránaigt
- Eile
- Comhlacht Ionadaíochta Fostóir
- Comhlacht Ionadaíochta Fostaí
- Na Meáin

#### Tionscal



- Eile
- Seirbhísí Gairmiúla
- Trádáil Mhórdhíola agus Mhion
- Sláinte agus Cúram Leanaí
- Bia agus Deoch
- Tógáil
- Déantúsaíocht
- Iompar
- Óstáin
- Oideachas

#### Ábhar



- Ceadanna Fostaíochta
- Uaireanta Oibre
- Téarmaí Fostaíochta
- Iomarcaíocht
- Íoc Pá
- Dífhostú Éagórach
- Fiosruithe faoi Ghearán
- Coinníollacha Sonracha eile
- Máithreachas
- Comhionannas agus Leithcheal

# Seirbhísí Corparáideacha agus Seirbhísí Dlí

## SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Féachann Rannóg Chorporáideach an Choimisiúin lena chinntiú go bhfuil cultúr corparáideach agus creat rialachais stuama éifeachtach ar fud an Choimisiúin, agus go bhfuil ár bhfostaithe eolach ar fhís agus spriocanna an Choimisiúin agus go n-oibríonn siad as lámha a chéile chun iad a chomhlíonadh. I dtaca leis sin, tá an Rannóg freagrach as na feidhmeanna tacaíochta corparáidí de chuid an Choimisiúin, lena n-áirítear rialachas foriomlán corparáideach, buiséid, pleanáil ghnó, bainistíocht riosca agus eolais, an straitéis agus an beartas acmhainní daonna, TFC, tacú le hobair na Rannóga, freastal ar an Ard-Stiúrthóir agus ar an mBord, bainistíocht airgeadais agus bainistíocht saoráidí in áiteanna éagsúla.

### An Coiste Bainistíochta

Is é an Coiste Bainistíochta príomhfhóram ceannaireachta, pleanála, feidhmíochta, rialachais agus freagrachta an Choimisiúin. Tacaíonn an Coiste leis an Ard-Stiúrthóir i gcomhlíonadh a chuid feidhmeanna agus soláthraíonn sé ceannaireacht agus treoir don Choimisiún ina iomláine. Is é ról uileghabhálach an Choiste:

*Coimisiún Freagrach, Tacúil agus Forbartha a bheith ann a Sholáthraíonn Seirbhís Neamhchlaonta, Thapa, Éifeachtach, Éifeachtúil, Ardchaighdeán dár bPáirtithe Leasmhara*

Áirítear ar fhreagrachtaí an Choiste:

- pleanáil straitéiseach, beartas agus beartú spriocanna feidhmíochta ar a bhonn, bainistíocht riosca feidhmíochta agus leithdháileadh acmhainní agus bainistíú buiséid,
- bainistíocht agus tuairisciú feidhmíochta,
- seirbhísí a sholáthar go héifeachtach éifeachtúil,

- tacú le foghlaim agus forbairt na foirne, agus
- athbhreithniú, monatóireacht agus stiúradh a dhéanamh ar éifeachtacht rialachais corparáidigh fhoriomlán an Choimisiúin.

Cuimsíonn ballraíocht an Choiste:

- An tArd-Stiúrthóir (An Cathaoirleach),
- An Príomhoifigeach Oibríocháin (An Leaschathaoirleach),
- Stiúrthóir na Rannóige Comhréitigh/Idirghabhála,
- Stiúrthóir na Rannóige Breithnithe,
- Stiúrthóir na Rannóige Cigireachta agus Forfheidhmithe,
- An Cláráitheoir, agus
- Stiúrthóir na Rannóige Corparáidí agus Comhairlí

### Acmhainní

Le linn 2015, cuireadh cistiú ar fáil don Choimisiún faoi Vóta na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Comhaontaíodh na hacmhainní airgeadais agus foirne mar chuid de phróiseas bliantúil na Meastachán. Foilseofar toradh airgeadais an Choimisiúin mar chuid de Chuntas Leithghabhála na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta 2015, atá faoi réir iniúchadh bliantúil ag oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

### An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF)

Tá an Coimisiún tiomanta dá chinntiú go gcuirfear an dea-chleachtas chun feidhme i leith gach gné den CBFF chun cur le forbairt na foirne agus a chinntiú go bhfuil bealach ann le haghaidh cumarsáid chuiditheach dhá threo. Cuireadh próifíl ról agus Athbhreithnithe Eatramhacha i gcrích go tráthúil i gcás gach duine d'fhoireann an Choimisiúin. Spreagtar aiseolas aníos mar ghné den phróiseas.

### Bainistíocht Riosca

Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar a thimpeallacht riosca in 2015 i gcomhairle leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Rinneadh measúnú ar an timpeallacht riosca ar bhonn bheartas riosca na Roinne, agus cuireadh an clár rioscaí bainteach, a ullmhaítear ar leibhéal na Rannóga, faoi bhráid Choiste Riosca na Roinne. Déanann an Coimisiún athbhreithniú rialta ar a chuid rioscaí agus déanann sé nuashonrú ar an gclár rioscaí ar bhonn aon athruithe arna n-aithint. Tá córas um thuairisciú teagmhais i bhfeidhm chun aird a dhíriú ar aon nithe práinneacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

### Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise (SF)

Thug an Coimisiún freagra ar sheacht n-iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise idir an 1 Deireadh Fómhair agus an 31 Nollaig 2015. Nuair ab fhéidir é, tugadh an fhaisnéis a iarradh, faoi réir na ndíolúintí atá san Acht um Shaoráil Faisnéise.

## SEIRBHÍSÍ DLÍ

Is é ról na seirbhíse Seirbhísí Dlí agus Comhairle ardchaighdeáin a chur ar fáil go tráthúil don Ard-Stiúrthóir, do na Breithneoirí agus d'fhoireann uile an Choimisiúin. Ba é an príomhchuspóir in 2015 an tseirbhís a bhunú agus nósanna imeachta agus córais atá láidir ó thaobh dlí a bhunú ar fud an Choimisiúin agus go háirithe iadsan a thionscnamh i gcomhair na seirbhíse Breithnithe agus ról na Seirbhísí Dlí a leabú ar fud na heagraíochta. Cuspóir tábhachtach eile in 2015 arbh ea measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le hoiliúint dlí agus rochtain ar fhaisnéis dlí ar fud na heagraíochta nua. Oibríonn an Cláraitheoir/Comhairleoir Dlí i ndlíthpháirt le gach ball eile den fhoireann bhainistíochta i dtaobh measúnú a dhéanamh ar na dualgais, na feidhmeanna agus na freagrachtaí éagsúla, agus iad a chomhlíonadh. Is iad na hacmhainní foirne atá ar fáil don Chláraitheoir agus don Chomhairleoir Dlí faoi láthair ná cúntóir taighde dlí, agus Oifigeach Cléreachais páirtaimseartha.

### Oiliúint

Cuireadh oiliúint agus faisnéis ar fáil laistigh den eagraíocht agus lasmuigh di faoin Acht um Chaidreamh san Áit Oibre. I gcomhar leis na Seirbhísí

Breithnithe, cuireadh lá oiliúna ar bun i mí na Nollag do na hOifigigh Breithnithe go léir agus do lucht bainistíochta an Choimisiúin. Cuireadh oiliúint ar fáil faoi cheisteanna dlí éagsúla agus rinneadh an dea-chleachtas agus an chomhsheasmhacht a phlé.

### Athbhreithniú ar an Acht um Chaidreamh san Áit Oibre

Tá an reachtaíocht seasta á hathbhreithniú ag na Seirbhísí Dlí agus ag Rannóga eile an Choimisiúin. Rinneadh roinnt leasuithe ar an reachtaíocht in 2015.

### Athbhreithniú Breithiúnach

D'éirigh leis an gCoimisiún agus Achomharc i leith bhreithiúnas de chuid na hArd-Chúirte á chosaint aige sa Chúrt Uachtarach. Baineann tábhacht leis an mbreithiúnas i gcás na nOifigeach Breithnithe toisc go sonraítear ann gur ann do réimse tuisceana ar cheart a urramú i leith sheoladh na gcomhlachtaí garbhreithiúnacha agus gur ag na binsí atá sé gnáthaimh réasúnta a roghnú a gcuid oibre a chur chun cinn.

### Comhairle Dlí agus Eolas

Cuireadh córais i bhfeidhm in 2015 lena chinntiú go mbeidh gach ball foirne agus gach oifigeach breithnithe ar an eolas faoi chinntí de chuid Chúirteanna na hÉireann, Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a bhfuil nó a mbeidh impleachtaí acu don Choimisiún. Tugadh comhairle maidir le gnéithe de na forálacha tosaithe agus nithe eile a bhaineann le feidhmiú an Achta um Chaidreamh san Áit Oibre agus ar ábhair ar nós Cosaint Sonraí agus na Reachtaíochta Saorála Faisnéise.

I gcomhar leis na Seirbhísí Breithnithe agus na Seirbhísí Corparáideacha, tugadh rochtain do gach breithneoir agus do bhaill foirne eile ar bhunachair sonraí sheachtracha ábhartha. Tá tús curtha le bunachar inmheánach ina bhfuil an cásdlí fasaigh a chlúdóidh gach réimse den dlí fostaíochta agus den dlí comhionannais.

## Ráitis Airgeadais 2015

### Costais Achoimre i leith na Seirbhísí a Sholáthar

Tá miondealú sa tábla seo a leanas ar an gcaiteachas i rith na tréimhse trí mhí idir an 1 Deireadh Fómhair agus an 31 Nollaig 2015. Léiríonn na figiúirí an caiteachas iarbhrig agus ní áirítear iontu coigeartuithe, cosúil le dímheas, a d'fhéadfadh a bheith infheidhme agus a d'fhéadfaí a aontú ina dhiaidh sin agus na cuntais i leith na tréimhse sin á n-iniúchadh agus an leagan críochnaitheach díobh á gcur i láthair.

### Foireann de réir scála pá

I mí na Nollag 2015, bhí 159.96 bhfostaí coibhéis lánaimseartha ar fhoireann an Choimisiúin. Is státseirbhísigh iad sin go léir agus tá siad ina gcuid de bhunaíocht foirne na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Déantar forlónadh orthu le 29 oifigeach Breithnithe eile atá fostaithe ar conradh chun cuidiú leis an tSeirbhís Breithnithe ar bhonn na gcásanna aonair. Déantar na hoifigigh sin a cheapadh ar feadh tréimhse cúig bliana.

An tArd-Stiúrthóir	1.00
An Príomhoifigeach Oibriúcháin	1.00
An Cláraitheoir	1.00
Príomhoifigigh	4.00
Aturnae	0.60
Príomhoifigigh Chúnta	17.60
Oifigigh Chúnta	1.00
Ard-Oifigigh Feidhmiúcháin	18.10
Oifigigh Feidhmiúcháin	63.60
Oifigigh Chléireachais	52.06
<b>Iomlán (FCL)</b>	<b>159.96</b>

### Caiteachas ar feadh an 3 mhí dar chríoch an 31 Nollaig 2015 AN COIMISIÚN UM CHAIDREAMH SAN ÁIT OIBRE

Tuarastail	2,121,380
Táillí	338,185
Taisteal agus Cothabháil	143,783
Seomraí ar Cíos	19,373
Stáiseanóireacht, Soláthairtí, Cumarsáid	100,214
Fóntais, Oibríochtaí agus Cothabháil	176,941
Táillí Comhairleoireachta & Táillí Gairmiúla	82,794
Priontáil agus Oilíúint	19,092
<b>Iomlán</b>	<b>3,001,762</b>

## Aguisín

### Ionchúisimh a thionscain an Coimisiún inar Ghearr an Chúirt Pionós

Sonraí an Fhostóra	Earnáil	An reachtaíocht lena mbaineann an ciontú
CLLH Limited Ag trádáil dó mar Shangri La An tSráid Ard Leitir Ceanainn Co. Dhún na nGall	Bia agus Deoch	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 go dtí 2012
Shah Catering Limited Ag trádáil dó mar Shapla Indian Restaurant Aonad 3, Ionad Gnó Starlite Leitir Ceanainn Co. Dhún na nGall	Bia agus Deoch	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 go dtí 2012
Weifeng Lin Ag trádáil dó mar Corner House Cúinne na Cearnóige Cill Airne Co. Chiarraí	Bia agus Deoch	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 go dtí 2012
Saqib Hussain Ag trádáil dó mar Pak Sherazi Zam Zam An Phríomhshráid Maothail Co. Liatroma	Bia agus Deoch	An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997
Kevin Guo Quiang Liu Ag trádáil dó mar Jade Garden An Phríomhshráid Áth Cinn Co. na Gaillimhe	Bia agus Deoch	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 go dtí 2012
Super Spuds Limited Ag trádáil dó mar Lennoz's 1a An Phríomhshráid Baile an Chollaigh	Bia agus Deoch	An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997
El Greco Restaurant Ltd. Ag trádáil dó mar El Greco Restaurant 73 An Phríomhshráid Bré	Bia agus Deoch	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 go dtí 2012
Faruk Hussain Ag trádáil dó mar Spicy Affair Bóthar na Céibhe Inis Crabhann Co. Shligigh	Bia agus Deoch	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 go dtí 2012
Noreen Assumpta Stafford Ag trádáil di mar Cuddles 'N' Care Creche & Montessori School 19 Rathanna Bóthar an Phiarsaigh Sligeach	Altranas agus Cúram Leanaí	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 go dtí 2012
Qixiang Food Limited Ag trádáil dó mar New China Garden Óstán an Newbury Sráid Dhoiminic An Muileann gCearr Co. na hIarmhí	Bia agus Deoch	An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000

Sonraí an Fhostóra	Earnáil	An reachtaíocht lena mbaineann an ciontú
Hisen Bagora Ag trádáil dó mar Roma Takeaway Gracefield Bóthar Thulach Mhór Cúil an tSúdaire Co. Laois	Bia agus Deoch	An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997
An tUasal Nengwu Hu Ag trádáil dó mar New Bonanza Catering Ltd. An Phríomhshráid Ráth Domhnaigh Co. Laois	Bia agus Deoch	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 go dtí 2012
Limei Zheng Uasal Ag trádáil dó mar New Bonanza Catering Ltd. An Phríomhshráid Ráth Domhnaigh Co. Laois	Bia agus Deoch	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 go dtí 2012
New Bonanza Catering Ltd. Ag trádáil dó mar New Bonanza An Phríomhshráid Ráth Domhnaigh Co. Laois	Bia agus Deoch	An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997
Gail Thomas-O'Connell Stiúrthóir Mala HR Ag trádáil dó mar Midpoint HR Teach Woodchester Cearnóg Uí Chonchúir Tulach Mhór Co. Uíbh Fhailí	Seirbhísí Gairmiúla	An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000
Niall O'Connell Stiúrthóir Mala HR Ag trádáil dó mar Midpoint HR Teach Woodchester Cearnóg Uí Chonchúir Tulach Mhór Co. Uíbh Fhailí	Eile	An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000
Qiaoer Chen Ag trádáil dó mar New China Garden Óstán an Newbury Sráid Dhoiminic An Muileann gCearr Co. na hIarmhí	Bia agus Deoch	An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 An tAcht um Íoc Pá, 1991 Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 go dtí 2012
Su Ching Khor Uasal Ag trádáil di mar Wabisabi Sushi & Noodles Bar 89/90 Sráid Oilibhéir Phluincéid Corcaigh	Bia agus Deoch	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 go dtí 2012
LMA Retail Limited Ag trádáil dó mar Limeleaf 40 Céide na Fiúise An Rinn Mhór Gaillimh	Bia agus Deoch	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 go dtí 2012







An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre  
Teach Tom Johnson, Bóthar Haddington, Baile Átha Cliath 4, Éire, DO4 AE64

Teil: 1890 22 02 27 nó +353 (0)1 613 6700 Facs: +353 (0)1 613 6701  
info@workplacerelements.ie  
www.workplacerelements.ie